Dialann Ainín Aimsire

Séideán Sí

Ainín Aimsire

Peter Donnelly a mhaisigh

1 Dé Luain	8 Dé Luain	15 Dé Luain	22 Dé Luain	29 Dé Luain
2 Dé Máirt	9 Dé Máirt	16 Dé Máirt	23 Dé Máirt	30 Dé Máirt
3 Dé Céadaoin	10 Dé Céadaoin	17 Dé Céadaoin	24 Dé Céadaoin	31 Dé Céadaoin
4 Déardaoin	11 Déardaoin	18 Déardaoin	25 Déardaoin	
5 Dé hAoine	12 Dé hAoine	19 Dé hAoine	26 Dé hAoine	
6 Dé Sathairn	13 Dé Sathairn	20 Dé Sathairn	27 Dé Sathairn	
7 Dé Domhnaigh	14 Dé Domhnaigh	21 Dé Domhnaigh	28 Dé Domhnaigh	

Dé Luain

Bhí sé ina bháisteach inniu.
Cheannaigh mé scáth báistí
agus chuaigh mé go dtí an phictiúrlann.


PICTIÚRLANN
Anocht!

Dé Máirt

Lá tirim a bhí ann inniu.
Chuaigh mé go dtí an zú
agus chonaic mé na
hainmhithe ar fad.


ZÚ

Dé Céadaoin

Lá scamallach a bhí ann inniu.
Chuaigh mé isteach sa bhaile mór
ar an traein agus cheannaigh
mé gúna deas dom féin.



Déardaoin

Lá breá a bhí ann inniu. Chuaigh mé go dtí an trá ar an mbus. Nuair a bhí mé ar an trá cheannaigh mé uachtar reoite dom féin.

Uachtar
Reoite
BUS
BUS

Dé hAoine

Lá gaofar a bhí ann inniu.
Chuaigh mé ag rothaíocht
agus d' imigh mo scaif
le gaoth.

Dé Sathairn

Thit sneachta inniu.
Chuaigh mé amach ag siúl
agus thit mé ar mo thóin!

Dé Domhnaigh

Bhí sioc ann inniu.
Anois tá slaghdán orm
agus tá mé sa leaba.





An chéad eagrán 2005

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2005

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Criterion Press Teo a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

An Gúm